CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

# PREASEISIÚINT Uimh. 103/25

**Lucsamburg, an 1 Lúnasa 2025**

Breithiúnas na Cúirte i gCásanna Uamtha C-758/24 | [Alace] agus C-759/24 | [Canpelli] [1]

## Cosaint idirnáisiúnta: ní mór d'ainmniú tríú tír mar 'thír shábháilte thionscnaimh' a bheith faoi réir athbhreithniú breithiúnach éifeachtach

Féadfar iarratas náisiúnach tríú tír ar chosaint idirnáisiúnta a dhiúltú faoi nós imeachta teorann brostaithe nuair a ainmnítear a thír thionscnaimh mar 'sábháilte' ag Ballstát. Sonraíonn an Chúirt Bhreithiúnais go bhféadfar an t-ainmniú sin a dhéanamh le gníomh reachtach, ar choinníoll gur féidir é a bheith faoi réir athbhreithniú breithiúnach éifeachtach maidir le comhlíonadh na gcritéar substainteach a leagtar síos le dlí an Aontais. Ní mór rochtain a bheith ag an iarratasóir agus ag an gcúirt náisiúnta ar na foinsí faisnéise ar a raibh an t-ainmniú sin bunaithe. Ní fhéadfaidh Ballstát, áfach, tír a chur ar liosta na dtíortha sábháilte tionscnaimh mura dtugann sé cosaint leordhóthanach dá daonra iomlán.

I gcomhréir le Treoir 2013/32/AE [2], féadfaidh na Ballstáit dlús a chur leis an scrúdú ar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta agus é a dhéanamh ag an teorainn i gcás ina dtagann na hiarratais sin ó náisiúnaigh tríú tír a mheastar cosaint leordhóthanach athabhairt. San Iodáil, rinneadh an t-ainmniú sin ar thríú tíortha mar 'thíortha sábháilte tionscnaimh', ó mhí Dheireadh Fómhair 2024, le gníomh reachtach. Faoin ngníomh sin, meastar ag an Iodáil gur 'tír shábháilte thionscnaimh' í an Bhanglaidéis.

Sa chomhthéacs sin, tugadh beirt náisiúnach ón Bhanglaidéis a tarrtháladh ar muir ag údaráis na hIodáile chuig ionad coinneála san Albáin faoin bPrótacal idir an Iodáil agus an Albáin [3], áit ar thaisc siad iarratas ar chosaint idirnáisiúnta. Scrúdaigh údaráis na hIodáile a n-iarratas faoin nós imeachta teorann brostaithe, agus dhiúltaigh siad é toisc é a bheith gan bhunús ar an bhforas go meastar go bhfuil a dtír thionscnaimh 'sábháilte'.

Rinne na hiarratasóirí agóid i gcoinne an chinnidh diúltaithe os comhair ghnáthchúirt na Róimhe, a chuaigh chuig an gCúirt Bhreithiúnais chun cur i bhfeidhm choincheap na tíre sábháilte tionscnaimh agus oibleagáidí na mBallstát maidir le hathbhreithniú breithiúnach éifeachtach a shoiléiriú. Áitíonn an chúirt a rinne an tarchur, murab ionann agus an córas roimhe sin, nach sonraítear i ngníomh reachtach mhí Dheireadh Fómhair 2024 na foinsí faisnéise ar ar bhraith reachtas na hIodáile chun measúnú a dhéanamh ar shlándáil na tíre. Dá bhrí sin, bhainfí an deis den iarratasóir agus den údarás breithiúnach araon agóid agus athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht toimhde slándála den sórt sin, trí scrúdú a dhéanamh, *inter alia*, ar fhoinse, údarás, iontaofacht, ábharthacht, tráthúlacht agus iomláine na bhfoinsí sin.

Freagraíonn an Chúirt **nach gcuirtear cosc le dlí an Aontais ar Bhallstát tríú tír a ainmniú mar thír shábháilte thionscnaimh trí ghníomh reachtach, ar choinníoll gur féidir an t-ainmniú sin a bheith faoi réir athbhreithniú breithiúnach éifeachtach**. Ní mór baint a bheith ag an athbhreithniú sin le comhlíonadh na gcoinníollacha substainteacha le haghaidh ainmniú den sórt sin a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir, go háirithe i gcás ina dtaiscfear achomharc i gcoinne cinneadh lena ndiúltaítear iarratas ar thearmann faoin nós imeachta brostaithe is infheidhme maidir le náisiúnaigh tíortha arna n-ainmniú amhlaidh.

Cuireann an Chúirt in iúl freisin **go gcaithfidh rochtain leordhóthanach a bheith ag an iarratasóir agus ag an**

**gcúirt inniúil araon ar na foinsí faisnéise ar a bhfuil ainmniú den sórt sin bunaithe**. Tá an ceanglas sin beartaithe chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a áirithiú, rud a chuirfidh ar chumas an iarratasóra a chearta a dhearbhú go héifeachtach agus ar chumas na cúirte náisiúnta a hathbhreithniú iomlán a fheidhmiú. Ina theannta sin, féadfaidh an chúirt, nuair a fhíoraíonn sí an gcomhlíonann ainmniú den sórt sin na coinníollacha a leagtar síos in Iarscríbhinn I den Treoir, faisnéis a fuair sí féin a chur san áireamh, ar choinníoll go bhfuil sí iontaofa agus go dtugtar an deis don dá pháirtí sna himeachtaí a mbarúlacha maidir leis an bhfaisnéis bhreise sin a chur isteach.

Ar deireadh, sonraíonn an Chúirt, go dtí go dtiocfaidh rialachán nua i bhfeidhm a chuirfear in ionad na treorach is infheidhme faoi láthair, **nach féidir le Ballstát tríú tír a ainmniú mar thír 'shábháilte' thionscnaimh nach gcomhlíonann, i gcás catagóirí áirithe daoine, na coinníollacha ábhartha don ainmniú sin**. Tiocfaidh an rialachán nua, [4] lena gceadaítear eisceachtaí do chatagóirí daoine den sórt sin atá inaitheanta go soiléir, i bhfeidhm an 12 Meitheamh 2026, ach tá sé de rogha ag reachtóir an Aontais an dáta seo a thabhairt chun cinn.

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léiriú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear an téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre ar an mbreithiúnas ar shuíomh gréasáin CURIA lá a bhfógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+ 352) 4303 3355.

Tá pictiúir de fhógra an bhreithiúnais ar fáil ó 'Europe by Satellite' ✆ (+32) 2 2964106.

Tá físeán ar fáil anseo ina dtugann Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh míniú ar an mbreithiúnas.

**Fanaigí i dteagmháil linn!**

[1] Is ainmneacha bréige iad ainmneacha na gcásanna seo. Ní fhreagraíonn siad d'fhíorainmneacha aon pháirtí sna himeachtaí.

[2] Treoir 2013/32/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na nósanna imeachta coiteanna chun cosaint idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar ('an Treoir').

[3] Leis an bPrótacal idir an Iodáil agus an Albáin, a tugadh i gcrích sa Róimh an 6 Samhain 2023 agus a daingníodh le Dlí Uimh. 14 an 21 Feabhra 2024, bunaítear ionad coinneála agus aisdúichithe ar chríoch na hAlbáine, ach faoi dhlínse na hIodáile. Tá an lárionad sin beartaithe d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta agus ceadaítear leis nós imeachta teorann brostaithe a chur i bhfeidhm is infheidhme maidir le náisiúnaigh tíortha a mheastar a bheith sábháilte.

[4] Rialachán (AE) 2024/1348 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena mbunaítear nós imeachta coiteann le haghaidh cosaint idirnáisiúnta san Aontas agus lena n-aisghairtear Treoir 2013/32/AE.